



Foirm um Cheapachán agus Athcheapachán Múinteoirí Bunscoile 2021/2022

Seolfar foirmeacha neamhiomlána ar ais chuig an Scoil.

Sonraí an Mhúinteora

Uimhir PSP _____

Uimh. Phárolla _____

Céadainm _____

Sloinne _____

Inscne _____

Seoladh Comhfhreagrais _____

Gach comhfhreagrais chuig pearsanra lena n-íoctar trí phárolla na Roinne, ní mór é a sheoladh chuig an seoladh seo (nach seoladh na scoile é)

Dáta breithe _____ / _____ / _____

Stádas Sibhialta (féach agusín A) _____

Uimh. Theileafóin _____

Seoladh Ríomhphoist _____

Cuir tic sa bhosca dá mba mhaith leat do chuid comhfhreagrais a fháil i nGaeilge

Sonraí na Scoile

Uimhir Rolla _____

Ainm na Scoile _____

Seoladh Ríomhphoist _____

Uimh. Theileafóin _____

Sonraí Fostaíochta

Cineál Conartha	✓	Uaireanta
Conradh Buan		
Conradh Tréimhse Éiginnte		
Conradh Lánaimseartha ar Théarma Seasta		
Conradh Páirtaimseartha ar Théarma Seasta		

Cineál Poist: _____
(e.g. Príomhoide, Múinteoir Príomhshrutha, Múinteoir Acmhainne, Múinteoir Sainábhair)

Dáta Ceapacháin: _____

Dáta Deiridh an Cheapacháin ar Théarma Socraithe* _____
(*i gcás ceapacháin ar Théarma Socraithe – cuir isteach an dáta deiridh más eol duit é)

Bunús an Phoist: _____

Ainm an Mhúinteora/na Múinteoirí atá á (h)ionadú/n-ionadú

Sonraí Banc (ní gá iad seo a chomhlánú ach amháin i gcás go bhfuil athrú tagtha ar na sonraí cuntais)

Ainm an Bhainc _____

Seoladh an Bhainc _____

Ainm ar an gCuntas _____

IBAN

BIC

NB: Déan cinnte de go bhfuil do Chuntas Banc lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus go bhfuil sé comhoiriúnach leis an limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA)

A luaithe a bheidh sé comhlánaithe go hiomlán, ba cheart an doiciméad seo a chur ar ais chuig an seoladh seo a leanas:

Tabhair an Uimhir Rolla ar an taobh amuigh den chlúdach
An Rannóg Párolla Bunscoile,
An Roinn Oideachais,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí, N37 X659

Ní féidir íocaíocht a rathú ar an gcéad dáta íocaíochta den scoilbhliain 2021/22 ach amháin i gcás go mbeidh an fhoirm seo faighte ag an Rannóg Párolla Bunscoile faoin Aoine an 09 Iúil 2021

Sonraí faoi Chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta

- Cuir tic sa bhosca chun a dheimhniú go bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair chun críche teagasc Bunscoile de réir chiorcláin 31/2011, 25/2013 agus 52/2013.

Uimh. Chlárúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta: _____

Mura bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle, ní féidir tú a cheapadh agus níor cheart duit an Fhoirm seo a chomhlánú

Tabhair faoi deara: Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir a chinntiú go mbíonn a c(h)lárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta in ord, go ndéantar é a athnuachan in am agus go gcoinnítear é cothrom le dáta. **Ní féidir** íocaíocht a dhéanamh le múinteoir i leith aon tréimhse nach bhfuil sé/sí cláraithe don teagasc Bunscoile inti nó i gcásanna inar lig sé/sí dá gclárúchán dul i léig. Tá sé de fhreagracht ar an scoil a dheimhniú go bhfuil an ceapaí atá beartaithe cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair.

Sonraí faoi Fhostaíocht Roimhe Seo

Is fút féin atá sé d'fhaisnéis chánach a choinneáil cothrom le dáta leis na Coimisinéirí Ioncaim. Más gá duit teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an bhfostaíocht seo, d'fhéadfadh go n-iarrfaidís ort ár nUimhir Chlárúcháin Fostóra a thabhairt. Is é **4000099H** an uimhir sin.

Seirbhís Teagaisc Roimhe Seo

Má tá seirbhís teagaisc curtha isteach agat roimhe seo, leag an tseirbhís sin amach sa tábla thíos. Má tá seirbhís teagaisc curtha isteach agat roimhe seo, d'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal creidmheas incriminteach a fháil – féach an 'Nóta Faisnéise do Mhúinteoirí Bunscoile'. Ba cheart duit an nóta sin a fháil ó do phríomhoide in éineacht leis an bhfoirm seo.

Dáta Ó	Dáta Chuig	Cineál/Stádas Conartha	Ainm agus Seoladh na Scoile

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Oibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus faoi Chiorclán 31/2016.

Ní mór an chuid seo a chomhlánú.

Tabhair faoi deara: Tá múinteoirí atá á (n)ath-implonú faoi réir cheanglais an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, agus chiorclán 31/2016

- Cuir tic sa bhosca chun a léiriú gur chomhlíon an t-údarás scoile na hoibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúil atá air faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, **agus** na ceanglais atá ann i ndáil leis an gceapachán seo atá beartaithe.

Mura gcomhlíontar an ceanglas seo, ní bheidh an ceapaí atá beartaithe incháilithe dá c(h)eapadh. **Níor cheart** an fhoirm cheapacháin a chur isteach. Ba cheart don údarás scoile a thabhairt faoi deara gur cion coiriúil é mainneachtain oibleagáid ghrinnfhiosrúcháin faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine

Dea-shláinte chun múinteoireacha

Cuir tic chun a léiriú go bhfuair tú an 'Tuarascáil Measúnaithe um Dea-shláinte le haghaidh Fostaíochta' ón gceapaí atá beartaithe lena ndeimhnítear dea-shláinte chun múinteoireachta, i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Nósanna Imeachta Fostóirí na Seirbhíse Sláinte Ceirde.

Oiriúnacht Leighis le Dul i mBun Teagaisc

Tá na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na scéimeanna pá sochar breoiteachta is infheidhme maidir le múinteoirí Bunscoile a oibriú léite agam agus tuigim iad. Ag brath ar na híocaíochtaí ÁSPC a dhéanaim, is eol dom go bhféadfadh go mbeinn i dteideal íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil leis na scéimeanna sin. Adhmaim gur faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a bheidh íocaíocht ón Roinn Oideachais linn neamhláithreachta ar shaoire bhreoiteachta:

- go ndéanfaidh mé na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá riachtanach agus go gcomhlíonfaidh mé, a fheabhas agus is féidir liom, cibé ceanglas a leagfaidh an Roinn sin síos mar choinníoll le sochar a éileamh
- go n-aontaím le haon leasuithe ar íocaíocht na scéime Sochar Breoiteachta a fhéadfaidh an Roinn Oideachais thabhairt isteach sa todhchaí.

Adhmaim, freisin, gur féidir íocaíochtaí ar bith atá dlite dom ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith neamhláithreachtaí den sórt sin de réir na socruithe reatha a aisghabháil trí iad a asbhaint ó mo thuarastal sa chás go dteipeann orm na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh.

Dá réir sin, chun a chinntiú go gcomhlíonfar an gealltanús thuas agus na rialacháin saoire bhreoiteachta, glacaim leis go bhféadfadh go mbeadh ar an Roinn Oideachais teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cé na híocaíochtaí a rinneadh liom agus cén uair a rinneadh iad agus chun méid agus fad na n-íocaíochtaí sin a fháil amach. Tugaim údarás don Roinn Oideachais leis seo fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh. Tuigim nach mbainfeadh leas as faisnéis ar bith a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na críocha thuasluaite amháin agus nach nochtfar do dhuine neamhúdaráithe ar bith í.

Sínithe (Múinteoir)

Uimh. PSP

Dáta

Dearbhú faoin Acht (Scéim Aonair)

4

(Le comhlánú ag daoine atá ag glacadh le ceapachán sa tseirbhís phoiblí)

Léigh an Nóta Treorach faoi iamh chun cabhrú leat an Dearbhú seo a chomhlánú

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an Dearbhú seo a chur ar Aonad na bPinsean ag pensions@education.gov.ie

Rabhadh: Mura bhfaigimid an fhoirm seo, agus í comhlánaithe go biomlán agus go cruinn, beidh moill ann ar d'ainm a chur le scéim pinsean agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh ort riaráistí asbhainte pinsin a íoc

Ceanglaítear an méid seo le halt 51 (Dualgas dearbhuithe a dhéanamh, etc.) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012: Aon duine

(a) a théann i mbun fostaíochta i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) a bhfuil—

(i) teideal aige nó aici chun aon phinsin chaomhnaithe nó chun aon chnapshuime caomhnaithe nó chun aon sochair scoir eile, nó

(ii) sochair scoir faighte aige nó aici nó arna bhfáil aige nó aici,

faoin Scéim nó faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana agus ar comhalta nó ar chomhalta di é nó í, déanfaidh sé nó sí dearbhú sa chéill sin a sholáthar don údarás iomchuí.

1. **STAIR GHAIRME** (Nach bhfuil ag teastáil **ACH** le haghaidh fostaíochtaí Earnála Poiblí in **Éirinn** agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leo fostaíocht lasmuigh den earnáil teagaisc/oideachais e.g. FSS, ORB, an Státseirbhís etc.)

Ní mór duit cóip dheimhnithe den stair sheirbhíse a chur leis seo d'aon seirbhís a bhfuil breac-chuntas uirthi sa tábla thíos		
Fostóir	Dátaí Fostaíochta (Ó – Go)	Post Inphinsin (T/N)

2. Dearbhaím leis seo go bhfuilim nach bhfuilim (cuir tic sa bhosca cuí) ag fáil aon luacha saothair (pá) ó aon chomhlacht eile seirbhíse poiblí faoi láthair.

LUACH SAOTHAIR/PÁ (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuilim” thuas)

Cur síos	
Ollphá bliantúil	
Údarás íocaíochta	
% den phost lánaimseartha	

3. Dearbhaím leis seo:

- a) go bhfuair mé nach bhfuair mé nó go bhfuilim ag fáil sochair scoir (cuir tic sa bhosca cuí) **NÓ**
b) go bhfuil nach bhfuil (cuir tic sa bhosca cuí) teidlíocht agam i leith ceann ar bith de na sochair phinsin atá sonraithe thuas.

(a) **SOCHAR PINSIN ATÁTHAR AG ÍOC FAOI LÁTHAIR** (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuair mé/go bhfuilim ag fáil” thuas)

Cur síos (Scor, Drochshláinte, Luathscor)	
Údarás íocaíochta	

(b) **TEIDLÍOCHTAÍ SA TODHCHAÍ I LEITH SOCHAIR PHINSIN** (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuil” thuas)

Cur síos	
Údarás íocaíochta	

Sínithe: _____

Ainm (Blocitreacha): _____

Dáta breithe _____

Uimhir PSP: _____

Uimh. Phárolla _____

Dáta: _____

Don Oifig Amháin:

Comhalta den Scéim Aonair T/N: _____

Seolta chuig Aonad na bPinsean: _____

Taifeadta ag: _____

Nóta Treorach

le haghaidh an Dearbhú a chomhlánú faoin Acht (Scéim Aonair)

Más múinteoir thú atá ag glacadh le post san Earnáil Phoiblí (e.g. FSS, an Státseirbhís, Bord Oideachais agus Oiliúna, etc.) den CHÉAD uair, ní bheidh teidlíocht agat i leith pinsin. Ba cheart duit an dearbhú seo a chomhlánú mar seo a leanas, dá bhrí sin:

1. Stair Ghairme Ní bhaineann
2. Luach Saothair/Pá Ba cheart tic a chur le “nach bhfuilim” fostaithe in aon Phost eile Earnála Poiblí agus nach bhfuilim ag fáil tuarastail roimh an gceapachán seo.
3. Sochar Pinsin Ba cheart duit tic a chur le “nach bhfuair mé” ag (a) agus le “nach bhfuil” ag (b). Níl aon fhaisnéis eile ag teastáil sna boscaí thíos.

Ba cheart an fhoirm a bheith sínithe agus dátaithe agus ba cheart UPSP a bheith luaite uirthi

Más múinteoir thú atá ag glacadh le post san Earnáil Phoiblí tar éis obair i bpost teagaisc roimhe sin agus/nó sa Mhórearnáil Phoiblí, d’fhéadfadh go mbeadh teidlíocht agat i leith pinsin mar thoradh ar an bhfostaíocht sin. Ba cheart duit an dearbhú seo a chomhlánú mar seo a leanas, dá bhrí sin:

1. Stair Ghairme Ba cheart duit seirbhís a cuireadh i gcrích in **Éirinn** i bpoist teagaisc agus/nó sa Mhórearnáil Phoiblí a lua.
2. Luach Saothair/Pá Níor cheart tic a chur le “go bhfuilim” ach má tá tú fostaithe faoi láthair i bpost eile Earnála Poiblí. Mura bhfuil, cuir tic le “nach bhfuilim”.
3. Sochar Pinsin Ba cheart duit tic a chur le “go bhfuair mé” ag (a) más rud é gur íoc tú ranníocaíocht pinsin roimhe seo in aon phost teagaisc/Chomhlacht Earnála Poiblí agus gur éiligh tú sochar pinsin mar thoradh ar na ranníocaíochtaí sin.

Ba cheart duit tic a chur le “nach bhfuair mé” ag (a) más rud é gur íoc tú ranníocaíocht pinsin in aon phost teagaisc/Chomhlacht Earnála Poiblí go dtí an dáta reatha agus go bhféadfadh go mbeadh pinsean dlite duit ag dáta sa todhchaí mar thoradh ar na ranníocaíochtaí sin.

Ba cheart duit tic a chur le “go bhfuilim ag fáil” ag (a) má tá tú ag fáil sochar pinsin ó aon phost teagaisc/Chomhlacht Earnála Poiblí faoi láthair tar éis ranníocaíocht pinsin a íoc.
4. Ba cheart duit tic a chur le “go bhfuil” ag (b) más rud é gur íoc tú ranníocaíocht pinsin riamh in aon phost teagaisc/Chomhlacht Earnála Poiblí agus go bhfuil teidlíocht agat sochar a éileamh sa todhchaí.

Ba cheart duit tic a chur le “nach bhfuil” ag (b) más rud é gur íoc tú ranníocaíocht pinsin riamh in aon phost teagaisc/Chomhlacht Earnála Poiblí agus nach bhfuil teidlíocht agat sochar a éileamh sa todhchaí (e.g. fuair tú aisíocaíocht ranníocaíochtaí).

Ba cheart an fhoirm a bheith sínithe agus dátaithe agus ba cheart UPSP a bheith luaite uirthi

Seicliosta agus Dearbhú an Mhúinteora

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo a leanas:

- Dearbhaím, a bhfuil m'ainm thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá taifeadta sa doiciméad seo fíor, cruinn agus iomlán. Tuigim go bhfuilim freagrach as cruinneas na faisnéise agus go mbeidh mé i mbaol an ceapachán a chailleadh má cheilim faisnéis ar bith go toiliúil.
- Táim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair agus leanfaidh mé orm leis an gclárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a athnuachan le linn mo cheapacháin. Tá sé aontaithe agam sonraí maidir le mo chuid cáilíochtaí a chur ar fáil don Roinn Oideachais.
- Tuigim go gcuirtear ceangal orm le halt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, mo chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil cothrom le dáta ionas go n-íocfaidh an Roinn Oideachais tuarastal liom de réir Chiorclán 0052/2013.
- Tá mo chonradh fostaíochta faighte, léite agus sínithe agam agus aontaím go gcomhlíonfaidh mé téarmaí an chonartha sin.
- Tá an féindearbhú comhlánaithe agam mar is cuí de réir mhír 4 de Chiorclán 07/2013 dar teideal An Scéim Pínsín Seirbhíse Poiblí Aonair do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta fostaíthe i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha.
- Ón dáta a shínigh mé an dearbhú reachtúil leis seo, dearbhaím don údarás scoile nach bhfuil aon ghné ar bith de m'iompraíocht, de mo charachtar ná de mo chúlra pearsanta, a mhéid is eol dom agus is a chreidim, a rachadh chun dochair, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost muiníne a bheadh agam i ndáil le leanaí nó le daoine soghonta de bhua mé a cheapadh chun post teagaisc sa scoil seo.
- Geallaim freisin go dtabharfaidh mé fógra don údarás scoile thuasluaite faoi aon athruithe ar an staid thuasluaite a rachadh chun dochair do m'oiriúnachta, ó thaobh cosaint leanaí de, d'fhostaíocht leanúnach leis an údarás scoile ná d'aon fhostaíocht ina dhiaidh sin leis an údarás scoile.
- Admhaím agus tuigim gur sárú ar mo chonradh fostaíochta agus go bhféadfadh gurbh fhoras le dífhostú láithreach a bheadh in aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach maidir le m'iompraíocht, le mo charachtar nó le mo chúlra pearsanta nó in aon mhainneachtain ar mo thaobh féin fógra a thabhairt don údarás scoile faoi aon athruithe ábhartha a rachadh chun dochair do m'oiriúnachta, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost.
- Is eol dom nach gceanglaítear orm faoi láthair, agus nach gceanglófar orm sa todhchaí, sonraí faoi aon chiontuithe a mheastar a bheith spionta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spionta agus Nochtadh Áirithe), 2016, a nochtadh d'údarás scoile agus, de réir alt 10 den Acht sin, nach bhfuil feidhm aige sin i gcás ciontú ar bith i leith cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó 2 de Scedeal 1 leis an Acht sin nó ina leith siúd atá sonraithe i Scedeal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.
- De réir cheanglais Chiorclán 0031/2016 maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, deimhním go bhfuil an dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí curtha ar fáil agam don údarás scoile, ar dearbhú é a rinneadh le linn na bliana féilire seo nó le linn na bliana féilire seo caite.
- Déanfaidh mé aon airgead nach bhfuil iníochta i gceart liom a aisíoc leis an Aire Oideachais agus Scileanna. Aontaím go gcloifidh mé le Beartas Ró-Íocaíochtaí na Roinne ina leith sin, faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 84/2015.
- Tuigim na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scéimeanna pá máithreachais/uchtála a oibriú. Féach an Leabhar Gréasáin Téarmaí agus Coinníollacha.
- Tá an Nóta Faisnéise do Mhúinteoirí Bunscoile léite agam.
- Tá an fhoirm sainordaithe, an Fhoirm Údaraithe (íocaíochtaí sochar breoiteachta) sínithe agam.
- Tuigim go bhféadfadh go dtógfadh sé 8 seachtaine sula n-íocfar liom tar éis na doiciméid ábhartha uile a bheith faighte sa Roinn. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar chur i gcrích an phróisis phárolla. Mar sin, má sheoltar an doiciméad seo ar ais mar gheall go bhfuil sí neamhiomlán, ní íocfar tuarastal liom go dtí go mbeidh foirm atá comhlánaithe ina hiomláine faighte agus próiseáilte ag an Roinn.
- Dearbhaím go lorgóidh mé cead ó m'fhostóir sula nglacfaidh mé páirt in aon obair sheachtrach agus nach gcuirfidh aon obair sheachtrach den sórt sin isteach ar chomhlíonadh mo chuid dualgas agus freagrachtaí i leith na scoile.

Múinteoir

Dáta

Seicliosta agus Dearbhú an Phríomhoide/ an Chathaoirligh

5

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo a leanas:

- Tá na codanna ábhartha uile den doiciméad seo comhlánaithe agus is fíor agus cruinn atá na sonraí atá ann
- Tá conradh scríofa fostaíochta sínithe ag an dá pháirtí, tá an conradh sin á choinneáil sa scoil seo agus tá cóip ag an múinteoir de.
- Glacaim leis go bhfuil sé de fhreagracht ar an údarás scoile a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart chun gur féidir tuarastal agus líuntais, nuair is infheidhme, a íoc leis an gceapaí.
- Tá sé deimhnithe agam leis an gceapaí atá beartaithe go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair.
- Maidir le conarthaí nua ar théarma seasta aon bhliana atá á dtairiscint don scoilbhliain 2021/2022, nó maidir le conradh nua tréimhse éiginnte atá á thairiscint, deimhním gur comhlíonadh téarmaí Chiorclán 0023/2015.
- Tá teistiméireachtaí fostaíochta seiceáilte agam leis an mbeirt fhostóirí is déanaí agus tá an stair fostaíochta is déanaí deimhnithe agam leo freisin.
- Tá deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaisc faighte agam ón tSeirbhís Sláinte Saothair i ndáil leis an gceapaí atá beartaithe.
- Deimhním go bhfuil cáilíochtaí atá oiriúnach do chuspóir an phoist ag an gceapaí don phost dá bhfuil sé/sí beartaithe agus go gcomhlíonann sé/sí an critéir don phost sin (Féach Ciorclán 31/2011, Ciorclán 25/2013 agus Ciorclán 52/2013).
- Deimhním go bhfuil ceanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus Chiorclán 0031/2016 maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána comhlíonta ag an gceapaí atá beartaithe.
- Deimhním go bhfuil an ceapachán seo ag teacht le téarmaí Chiorclán 0019/2021: Socruithe Foirme i mBunscoileanna don scoilbhliain 2021/2022.
- Tháinig mé ar an eolas faoin bhfolúntas teagaisc an: _____
- An dtógtar an Múinteoir ón bPainéal: Tá / Níl _____
- Má tá, luaigh an Painéal le do thoil: _____
- Cuireadh an t-oibreoir painéil ábhartha (e.g. rúnai deoise) nó an Roinn, i gcás nach bhfuil aon phainéal i bhfeidhm, ar an eolas faoin bhfolúntas seo an: _____
- Murar ceapadh múinteoir buan nó múinteoir a bhfuil conradh tréimhse éiginnte aige/aici ó phainéal ath-ímlonnaithe chun an folúntas a líonadh, mínigh cén fáth: _____

Príomhoide/ Bainisteoir/Cathaoirleach na Scoile:

Dáta: _____

I gcás go bhfuil Príomhoide á cheapadh, déan cinnte de go mbeidh an fhoirm sínithe ag an múinteoir lena mbaineann agus ag an gCathaoirleach araon.

Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

An **phríomhchúis** a dteastaíonn ón Roinn na sonraí pearsanta a soláthraíonn tú iad is ea go gcuireann na sonraí sin ar a cumas pá a íoc. Teastaíonn na sonraí sin chun críche pinsean a íoc ar dhul ar scor freisin. Féadfar na sonraí pearsanta a mhalartú le do scoil i leith do cheapacháin, mar a éilítear le do chonradh; féadfar iad a mhalartú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nuair is cuí, i leith stádas do chlárúcháin; féadfar iad a mhalartú leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar a éilítear leis an dlí; féadfar iad a mhalartú leis; agus féadfar iad a mhalartú le haon chomhlachtaí eile ar thug tú treoir dóibh a shocrú go ndéanfaí asbhaintí saorálacha ó do phá. Is féidir an fógra príobháideachais ina leagtar amach tuilleadh faisnéise i dtaca leis an bhfoirm seo a aimsiú ag [\[nasc\]](#).

Is ar fáil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/> atá sonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh agus a leagtar amach faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí. Tá sonraí faoin mbeartas sin agus faoin bhfógra príobháideachais sin ar fáil i gcóip chrua freisin ag an seoladh thíos ach iad a iarraidh.

A luaithe a bheidh sé comhlánaithe go hiomlán, ba cheart an doiciméad seo a chur ar ais chuig an seoladh seo a leanas:

Tabhair an Uimhir Rolla ar an taobh amuigh den chlúdach

An Rannóg Párolla Bunscoile,
An Roinn Oideachais,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

Sonraí teagmhála: prmtch_payroll@education.gov.ie

Ní féidir íocaíocht a rathú ar an gcéad dáta íocaíochta den scoilbhliain 2021/22 ach amháin i gcás go mbeidh an fhoirm seo faighte ag an Rannóg Párolla Bunscoile faoin Aoine an 09 Iúil 2021

11 rogha a dhéanann cur síos ar chaidreamh idir bheirt de réir an dlí:

1. Singil
2. Pósta
3. Páirtí Sibhialta
4. Colscartha
5. Comháitritheoir
6. Scartha go breithiúnach
7. Scartha
8. Iar-pháirtí Sibhialta
9. Baintreach/Baintreach Fir
10. Páirtí sibhialta a mhaireann
11. Ní fios

Mura mbíonn an Stádas Sibhialta ar eolas roghnaítear “Ní fios” go ndeimhnítear an stádas.

Sainmhíniú ar Stádas Sibhialta (mar a aithnítear i nDlí na hÉireann é):

Rogha	Sainmhíniú
Singil	Duine nár phós ná nach ndeachaigh isteach i bpáirtinéireacht shibhialta riamh.
Pósta	Duine nó beirt d’inscne ar bith a bhfuil pósadh cláraithe acu leis an Stát.
Páirtí Sibhialta	Duine ar duine de bheirt den inscne céanna é/í atá ina c(h)omhpháirtí cláraithe páirtinéireachta sibhialta a aithníonn an Stát agus nár scaoileadh ná nach bhfuil faoi réir ag foraithe neamhnithe.
Colscartha	Duine a bhíodh pósta agus ar glacadh le foraithe colscartha ina c(h)ás sa chúirt chuí faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó a aithnítear mar sin i ndlí na hÉireann.
Comháitritheoir	Is ionann comháitritheoir agus duine de bheirt fhásta (den inscne chéanna nó d’inscni éagsúla) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh dúthrachtach agus nach bhfuil gaol acu lena chéile níos gaire ná na céimeanna ceadaithe gaoil, pósta lena chéile ná i bpáirtinéireacht shibhialta le chéile.
Scartha go breithiúnach	Duine ar bronnadh scaradh breithiúnach air/uirthi faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 nó a aithnítear mar sin i nDlí na hÉireann.
Scartha	Duine a bhfuil scaradh aontaithe aige/aici ach nach bhfuil foraithe scartha bhreithiúnaigh faighte aige/aici faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995.
Iar-pháirtí Sibhialta	Duine a bhíodh i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a scaoileadh (ach amháin má scaoileadh í trí phósadh lánúine a bhíodh go dtí sin i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a chlárú).
Baintreach/Baintreach Fir	Duine a bhíodh pósta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nár phós arís ó shin.
Páirtí Sibhialta a mhaireann	Duine a bhíodh i bpáirtinéireacht shibhialta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nach ndeachaigh isteach i bpáirtinéireacht shibhialta eile ná nár phós ó shin.
Ní fios	Úsáidtear an rogha nuair nach bhfuil stádas sibhialta bail ar eolas agus nuair nach féidir teacht ar an eolas sin go héasca. Ní úsáidtear an rogha seo ach amháin go dtí gur féidir an stádas sibhialta a dheimhniú.



Nóta Faisnéise Párolla

Do

Muinteoirí Bunscoile

*****IS CEART AN NÓTA SEO A SCOITHEADH AGUS É A THABHAIRT DON MUINTEOIRÍ***

*****NÁ CUIR AN NÓTA SEO AR AIS IN ÉINEACHT LEIS AN bhFOIRM IARRATAIS*****

Clár na nÁbhar

Uimhir Leathanaigh

Réamhrá	1
Fostaíocht	1
Saoránacht AE	1
Cáilíochtaí agus Clárú	1
Tuarastal	1
Creidmheas Incriminteach	2
Seirbhís i mBallstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh	2
Ganníocaíocht / Ró-íocaíocht Tuarastail	2
Scéim Aoisliúntais do Muinteoirí Bunscoile	2
Sochar Máithreachais / Uchtála	2
ÍMAT	3
An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)	3
ASC	4
ÁSPC a Ríomh	4
Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta	5
Saoire Bhreiteachta	5
Mionsonraí Teagmhála do Phárolla na Muinteoirí Bunscoile	5

Réamhrá

Is mian leis an Roinn Oideachais d'aird a tharraingt ar roinnt mionsonraí a bhaineann le do phost mar Muinteoir Bunscoile. Sa doiciméad seo, déantar faisnéis i ndáil le tuarastal agus asbhaintí a leagan amach go hachomair. Tá tuilleadh mionsonraí faoi sheirbhísí Párolla agus tuilleadh faisnéise ar fáil ar leathanach gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/>

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú fostaithe. Tá na téarmaí agus na coinníollacha do Muinteoirí Bunscoile leagtha amach sna ciorcláin lena rialaítear saoire bhreiteachta, asláithreachta, saoire mháithreachais agus uchtála, agus scéimeanna eile atá ar fáil do Muinteoirí Bunscoile. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó ciorcláin ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie agus / nó na Téarmaí agus Coinníollacha Rannóg

Tá foirmeacha iarratais i gcomhair scéimeanna agus na scálaí tuarastail ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin www.education.ie faoi na táib a bhaineann le Foireann Oideachais.

Tá láithreáin ghréasáin iomchuí Ranna eile liostaithe ag deireadh an nóta faisnéise seo.

Fostaíocht

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú ar fostaithe. Chun críocha Párolla **amháin**, is é 4000099H uimhir chláráithe d'fhostóra.

Saoránacht AE

Más rud é nach saoránach AE é nó í muinteoir ní mór cóip dá chead/cead oibre a choimeád sa scoil. Mura bhfuil cead oibre aige/aici, níl an muinteoir cáilithe chun tuarastal a fháil agus ní ceart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne.

Cáilíochtaí agus Clárú

An té a cheapfar beartaithe a bheith cáilithe don phost agus atá cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Mura bhfuil an ceapaí molta cáilithe don phost agus atá cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta nach bhfuil an duine i dteideal tuarastal agus foirm coinne nár chóir a chur faoi bhráid an Roinn. Ba chóir gach ceist maidir le clárúchán a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. www.teachingcouncil.ie

Tuarastal

Íoctar an tuarastal uair sa choicís ar an Déardaoin. Clúdaíonn sé tréimhse 14 lá suas go dtí an Luan roimh dháta eisiúna an tuarastail, agus an lá sin san áireamh.

Chun an pointe ar an scála atá á íoc leat a chinneadh, is ceart duit méid an phá chomhláin a iolrú faoi 26.09 chun an méid comhlán bliantúil a ríomh. Ar an gcaoi chéanna, má tá tú ag fáil cáilíocht / post freagrachta / liúntas eile is ceart duit méid an phá chomhláin a iolrú faoi 26.09 chun an méid comhláin bliantúil a ríomh. Tá scálaí tuarastail ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: www.education.ie. Roghnaigh [Foireann Oideachais](http://www.education.ie) ar an Leathanach Baile. Ansin roghnaigh [Párolla/Airgeadas](http://www.education.ie) ón liosta roghanna ar thaobh na láimhe deise den leathanach.

Creidmheas Incriminteach

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an scála tuarastail incriminteach, d'fhéadfadh sé go dtabharfar creidmheas incriminteach do muinteoírí i leith taithí iomchuí. I gCiorclán 10/01 leagtar amach mionsonraí faoin tslí ina n-oibríonn an Scéim Creidmheasa Incrimintigh agus na nósanna imeachta a ghabhann le hiarratas ina leith sin.

Seirbhís i mBallstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh

Tar éis an 1 Eanáir 2011 agus tar éis an 1 Feabhra 2012 d'fhéadfadh sé go mbeadh iontrálaithe nua chuig an múinteoireacht i dteideal a bheith íoctha ar scála tuarastail éagsúil. Leagtar amach sonraí faoin gcaoi a n-oibríonn an scéim sin agus na nósanna imeachta nach mór a leanúint maidir le hiarratas in imlitir 0027/2016

Is chun do leasa féin é deimhniú creidmheasa cánach a fháil chun nach mbainfear an iomarca cánach díot.

Ganníocaíocht / Ró-Íocaíocht Tuarastail

Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go bhfuil an pointe ceart ar an scála tuarastail á chur i bhfeidhm maidir leat féin.

I gcás ganníocaíochta tuarastail, tabharfaidh an Roinn aisíocaíocht duit de réir an ráta chirt agus íocfaidh sí aon riaráistí a bheidh fabhráithe i do leith. I gcás ró-íocaíochta/ tuarastail, gheobhaidh an Roinn aisíocaíocht i leith na ró-íocaíochta uaitse. Féach Ciorclán Pá 0084/2015. Tá an ciorclán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: www.education.ie.

Scéim Aoisliúntais do Muinteoírí Bunscoile

Tá eolas ar an Scéim Aoisliúntais Múinteoirí Bunscoile ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: www.education.ie.

Cuireadh tús le scéim nua, Scéim Shingil Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Shingil”) le héifeacht ó 1 Eanáir 2013. Go hiondúil, is ball den Scéim Shingil gach iontrálaí nua ar an bhfostaíocht inphinsin seirbhíse poiblí a d’iontráil ar 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Tá sonraí faoin Scéim Shingil curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá tuilleadh sonraí faoi chur i bhfeidhm na Scéime Singile i gcás múinteoirí bunscoile leagtha amach i gCiorclán 007/2013, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Sochar Máithreachais / Uchtála

Ag brath ar do thaifead ranníocaíochtaí ÁSPC, d’fhéadfadh sé go mbeidh tú i dteideal íocaíocht a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachtaí faoi na Scéimeanna Saoire Máithreachais / Uchtála. Tá íoc tuarastail ag an Roinn Oideachais le linn asláithreachta ar saoire mháithreachais / uchtála faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Ní mór duit na héilimh riachtanacha ar shochar máithreachais / uchtála a dhéanamh chuig An Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus ní mór duit cibé ceanglais a chomhlíonadh atá leagtha síos ag an Roinn sin mar choinníoll a ghabhann le sochar a éileamh, agus
- Déanfaidh an Roinn Oideachais aon sochar atá dlite duit i leith asláithreachta den sórt sin a asbhaint go díreach ó do thuarastal.

Féadfar aon íocaíochtaí atá dlite duit ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachta den sórt sin a ghnóthú trína n-asbhaint ó do thuarastal i gcás ina mainníonn tú na coinníollacha sin roimhe seo a chomhlíonadh. Chun comhlíonadh an méid sin thuas agus comhlíonadh na rialachán maidir le saoire mháithreachais / uchtála a chinntiú, d’fhéadfadh sé go mbeidh ar an Roinn Oideachais teagmháil a dhéanamh leis An Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cad iad na híocaíochtaí a dhéantar leat, cén uair a dhéantar iad agus cad é méid agus ré na n-íocaíochtaí sin. Ní úsáidfear an fhaisnéis a gheofar ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na gcríoch sin roimhe seo agus ní nochtfar í d’aon duine neamhúdraithe.

ÍMAT

Ciallaíonn an téarma ÍMAT Íoc Mar a Thuillir. Is modh asbhainte cánach é an córas ÍMAT faoina ndéanann an soláthraí párolla aon cháin atá dlite a ríomh agus a asbhaint gach uair a dhéantar íocaíocht tuarastail.

Má tá PPSN agat moltar go láidir duit clárú le haghaidh mo Chuntais seirbhíse ar líne Ioncaim ar www.revenue.ie ag lua d'Uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta (PPSN) agus Uimhir Párolla. Mura bhfuil *Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)* agat (de ghnáth sa chás gurb é seo an chéad fhostaíocht duit in Éirinn), ba chóir duit dul i dteagmháil leis An Roinn Coimirce Sóisialaí (RGFCS).

Nuair a bheidh uimhir UPSP agat, iarrfaidh an Rannóg Pá Fógra *Próiseála Ioncaim (FPI)* ó na Coimisinéirí Ioncaim ar do shon. Nuair a aisghabhfar é, bainfear úsáid as an bhfaisnéis ar an FPI chun an asbhaint cánach ar do thuarastal a ríomh san fhostaíocht seo.

Mura féidir leis an Roinn seo FPI a aisghabháil duit, gearrfar cáin ort ag rátaí éigeandála. D'fhéadfadh cáin iomarcach a bheith mar thoradh ar cháin éigeandála. Is chun do leasa é a chinntiú go leithdháileann tú creidmheasanna cuí agus scoithphointe chuig d'fhostaíocht chun go seachnófar an iomarca cánach. Is féidir é sin a dhéanamh trí chlárú do sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, myAccount, ar www.revenue.ie agus d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus d'Uimhir Párolla a lua.

Nuair a gheobhaidh an Roinn seo do FPI carnach, déanfar aon cháin iomarcach a asbhaineadh, laistigh den bhliain chánach reatha (1 Eanáir-31 Nollaig), a aisíoc leat tríd an bpárolla ar choinníoll go bhfanfaidh tú ar phá.

Meabhraítear duit gur chóir duit do FPI a scrúdú ar myAccount chun a chinntiú go bhfuil sé ceart maidir le do chúinsí. Ní féidir leis an Roinn Oideachais sonraí cánach a athrú d'aon Mhúinteoir agus ní mór di gníomhú ar threoir cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ríomhtar cáin ar olltuilleamh lúide asbhaintí réamhchánach (e.g. pinsean). Íoctar cáin ag an ráta caighdeánach (20%) suas go dtí an scoithphointe ráta chaighdeánaigh (SPRC). Gearrtar cáin 40% ar thuilleamh os cionn an scoithphointe ráta chaighdeánaigh.

An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Tháinig an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011. Tá sé iníoctha i leith ioncaim chomhláin sula ndéantar ranníocaíochtaí pinsin agus is mar a leanas atá rátaí caighdeánacha MSU:

0.5%	Suas go €12,012
2%	Ó €12,012.01 go €20,687.00
4.5%	Ó €20,687.01 go €70,044.00
8%	Ó €70,044.01 agus níos mó ná sin

Tá tuilleadh faisnéise faoi MSU ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim <http://www.revenue.ie/en/tax/usc/index.html>.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ASC

Ón 1 Eanáir 2019, cuireadh ranníocaíocht bhuan pinsin an ‘Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise’ (ASC) in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean (PRD). Go ginearálta, bíonn an íocaíocht ASC a dhéanann fostaí sa tseirbhís phoiblí níos ísle ná an íocaíocht PRD a bheadh le déanamh ag an bhfostaí sin.

Murab ionann agus PRD, ní bhaineann ASC ach amháin le fostaí sa tseirbhís phoiblí atá mar bhall de scéim pinsin seirbhíse poiblí agus tá sé inmhuirir i leith ioncam inphinsin. Ciallaíonn sé sin, murab ionann agus PRD, nach mbíonn ioncam amhail liúntais neamh-inphinsin agus ragobair neamh-inphinsin faoi réir ASC de ghnáth.

Déantar ASC a ghearradh ag rátaí éagsúla ag brath ar leibhéal ioncaim, ar an scéim pinsin agus ar théarmaí pinsin, agus tá díolúintí i bhfeidhm i gcás ioncaim atá faoi leibhéal áirithe. Tá leibhéal díolúine shealadacha i bhfeidhm do 2019, agus beidh sraith bhuan de leibhéal díolúine i bhfeidhm ó 2020 ar aghaidh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/en/publication/c552ee-asc/>

ÁSPC a Ríomh

Is é atá in ÁSPC ná cineál árachais shóisialaigh atá á riaradh ag An Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá ÁSPC iníoctha ag fostaí agus ag fostóirí araon agus bíonn rátaí éagsúla ÁSPC iníoctha ag an dá pháirtí agus sin ag brath ar an tslí ina bhfuil fostaí aicmithe sa chóras ÁSPC agus ar an méid a thuilleann siad.

Asbhaineann fostóirí ÁSPC ó thuarastail na bhfostaithe agus cuirtear chuig an Ard-Bhailitheoir é in éineacht le cáin ioncaim agus MSU a asbhaintear faoin gcóras ÍMAT. Is é An Roinn Coimirce Sóisialaí, seachas na Cigirí Cánach, a riarann ÁSPC, áfach. Tugann ÁSPC nó ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íocann fostaí teidlíocht do na fostaí chun sochair éagsúla árachais a fháil.

Tá bileog faisnéise (SW14), ina leagtar amach na haicmí éagsúla ranníocaíochtaí ÁSPC, ar fáil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is ceart aon cheisteanna faoi na sochair atá iníoctha a dhíriú chuig An Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá bileoga faisnéise faoi na sochair atá iníoctha ag An Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil ar a láithreán gréasáin: www.welfare.ie

Dearbhófar do aicme ÁSPC a bheith ar do dhuillín pá. Nuair a fhaigheann tú do dhuillín pá, le do thoil a dheimhniú go bhfuil tú ÁSPC Aicme ceart. Má tá sé ba chóir fógra mícheart scríofa de do Rang ceart ÁSPC a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus cuireadh ar aghaidh chuig Párolla Muinteoírí Bunscoile. Nuair a fhaightear an fógra a bheidh do aicme ÁSPC a leasú.

Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta

Chun críocha cosanta sonraí, ní mór gach athrú ar mhionsonraí pearsanta a thíolacadh **i scríbhinn agus ní mór an scríbhinn sin a shíniú.** Luaigh d'Uimhir Phárolla / PPSN le do thoil mar aon leis an athrú beacht atá á iarraidh. I gcás athrú ainm, iarrtar ort cóip den deimhniú iomchuí a chur ar fáil. Is ceart an fógra a dhíriú chuig Párolla na Muinteoirí Bunscoile, An Rannán Párolla, an Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Saoire Bhreiteachta

Ní mór do Muinteoirí Bunscoile Teastas Leighis le haghaidh neamhláithreachtaí a chur faoi bhráid údarás bainistíochta na scoile de réir cheanglais na Scéime um Saoire Bhreiteachta do Muinteoirí Bunscoile atá fostaithe i mBunscoileanna aitheanta. Tagraítear i gCiorclán 0054/2019.

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0054_2019_ir.pdf

Sa chás go bhfuil an neamhláithreacht níos mó ná 3 lá ní mór Foirm Chéad Teastas Breiteachta/Díobhála (IB1/Teastas um Éagumas chun Oibre) a fháil ó do dhochtúir teaghlaigh nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Ba chóir an Fhoirm Chéad Teastas Breiteachta/Díobhála comhlánaithe (IB1/Teastas um Éagumas chun Oibre) a chur ar aghaidh go díreach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí tráth nach déanaí ná 7 lá ó thús na breiteachta. Iarrtar ort a chinntiú go roghnaíonn tú “Íoc Mise” ar an bhfoirm agus go gcuireann tú do chuid sonraí íocaíochta féin faoi iamh. Ní cheanglaítear ar bhaill foirne a n-éilimh a sheoladh chuig an Roinn Oideachais lena bpróiseáil a thuilleadh. Déanfaidh an Roinn Oideachais an Sochar Breiteachta/Díobhála a chúiteamh go díreach ó do thuarastal bunaithe ar na dátaí neamhláithreachta mar a d’ordaigh do scoil ar an gCóras Éileamh Ar Líne (CÉAL). Cúitítear tú leis an íocaíocht a eisítear duit go díreach ón Roinn Coimirce Sóisialaí as an asbhaint sin.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta maidir le Sochar Tinnis/Díobhála a éileamh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne <https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Breaks-Leave/Sick-Leave>

Tugadh isteach scéim nua, Scéim Saoire Breiteachta Seirbhíse Poiblí, a bhfuil feidhm aici i leith múinteoirí, ó 1 Meán Fómhair 2014. Tá na sonraí leagtha amach i gCiorclán 59/2014, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag

www.education.gov.ie

Mionsonraí Teagmhála do Phárolla na Muinteoirí Bunscoile.

Ríomhphost: primtch_payroll@education.gov.ie

I scríbhinn: Párolla na Muinteoirí Bunscoile, an Rannán Párolla, an Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659

www.education.ie An Roinn Oideachais

www.per.gov.ie/pensions An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

www.revenue.ie Na Coimisinéirí Ioncaim

www.welfare.ie An Roinn Coimirce Sóisialaí

